Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Waterford City & County Council's Placenames Committee

GUIDELINES IN RELATION TO THE NAMING CONDITION FOR HOUSING DEVELOPMENTS

Standard Planning Condition relating to Naming:
"Prior to the commencement of development, proposals for an estate/street name shall be submitted to the Planning Authority for agreement. Any such proposals should preferably be culturally and/or historically appropriate to the area and the use of the Irish language is recommended (The Planning Authority's Placenames Committee can provide assistance in this regard)."

Naming Policy:

In suggesting/approving appropriate names for housing developments, the Placenames Committee examines the location of the development, taking any relevant historical and geographical facts into account, including the original, Irish version of the placename where the development is located. The overall aim of An Coiste Logainmneacha is to ensure as far as possible that names will reflect the rich cultural heritage of Waterford.

Naming Procedure:

- Naming proposals, or requests for assistance with naming a development, should be addressed to the Planning Section, Waterford City & County Council, Menapia Building, The Mall, Waterford (planning@waterfordcouncil.ie) in the first instance.
- Any proposals should clearly state the origin of the name and give a reason for the name being suggested, bearing in mind the requirement for names to be geographically/culturally/historically appropriate to the site in question.
- Proposals/requests will then be forwarded by Planning to the Placenames Committee for consideration.
- The Placenames Committee will meet **once a month** to consider naming proposals and revert to Planning with suggestions/approvals/rejections, as appropriate. Proposals will not be considered outside of the monthly meeting.
- Developers should allow up to one month for the consideration of naming proposals.
- In certain instances, the Committee will enter into direct negotiations with the developer to request further information or to agree on a suitable name.
- The Placenames Committee will consult with An Post in relation to any names being approved to ensure that there is no duplication from a postal point of view and An Post will also supply the correct postal address for the development, which will be passed on to the developer by the Planning Authority. This is the postal address that must be used for the development in question.
- The Placenames Committee will notify the Planning Section in writing of approval, or otherwise of name proposals, and the Planning Section will then, in turn notify the developer.

General Guidelines:

- Names for approval should be forwarded to the Planning Authority **at an early stage** in the development process in order to allow for timely consideration and to ensure that there are no unnecessary delays further on in the process.
- Under no circumstances should a name suggested be used for any marketing, billing, postal or other purposes by the developer until such time as formal approval, or otherwise, for the name has been received in writing from the Planning Authority.
- Use of the Irish language and topographical names of Irish origin is encouraged, and the Placenames Committee can provide advice in this regard.
- The use of personal names for naming housing developments is not permitted.
- The use of the word 'Greenway' is not acceptable in a housing development name.
- The use of a townland name in a housing development name is not acceptable, in order to avoid postal address confusion.

Waterford City & County Council's Placenames Committee works with private developers and the Planning and Housing Sections of Waterford City & County Council in suggesting and agreeing appropriate names for private and local authority housing developments. The Committee also works to ensure the accuracy of both Irish and English placenames in road and other signage, as well as developing and promoting other projects in relation to placenames in Waterford City & County.

Contact details:
Waterford City & Council Placenames Committee
c/o Máire Seosaimhín Breathnach, Irish Officer
Civic Offices, Dungarvan, Co. Waterford Tel: 0761 10 2884 msbreathnach@waterfordcouncil.ie

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Coiste Logainmneacha Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS AN GCOINNÍOLL AINMNITHE D'FHORBAIRTÍ TITHÍOCHTA

Gnáth-Choinníoll Pleanála maidir le hAinmniú:
"Prior to the commencement of development, proposals for an estate/street name shall be submitted to the Planning Authority for agreement. Any such proposals should preferably be culturally and/or historically appropriate to the area and the use of the Irish language is recommended (The Planning Authority's Placenames Committee can provide assistance in this regard)."

Polasaí Ainmnithe: Nuair atá ainmneacha oiriúnacha á moladh/á gceadú i gcomhair fhorbairtí tithíochta, déanann an Coiste Logainmneacha taighde ar láthair na forbartha, ag tógaint aon fhíricí staire agus tíreolaíocha san áireamh, chomh maith le bun-leagan Gaeilge de logainm na háite, más ann dó. Tá sé mar bhun-aidhm ag an gCoiste Logainmneacha a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go léiríonn na hainmneacha oidhreacht shaibhir chultúrtha na nDéise.

Modh Oibre maidir le hAinmniú:

- Is ceart aon mholtaí d'ainmniú, nó iarratais ag lorg chabhrach chun ainm a chur ar fhorbairt, a sheoladh díreach chuig An Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Áras Menapia, An Meal, Port Láirge (planning@waterfordcouncil.ie) sa chéad dul síos.
- Is gá go luafaí an bunús atá le haon ainm atá á moladh agus an chúis go bhfuil sé á moladh, ag tabhairt san áireamh an gá go mbeidh ainmneacha oiriúnach (ó thaobh tíreolas/chultúr/staire) don láthair atá i gceist.
- Cuirfidh an Rannóg Pleanála moltaí/iarratais ar aghaidh chuig an Coiste Logainmneacha lena mbreathnú.
- Buailfidh an Coiste Logainmneacha le chéile **uair sa mhí** chun machnamh a dhéanamh ar mholtaí ainmnithe agus tiocfaidh an Coiste ar ais go dtí an Rannóg Pleanála le moladh/cead/diúltú, de réir mar is cuí. Ní dhéanfar machnamh ar mholtaí lasmuigh den gcruinniú míosúil.
- Is ceart d'fhorbróirí suas le mí a fhágaint i gcomhair bhreithnithe ar mholtaí ainmnithe.
- I gcásanna áirithe, rachaidh an Coiste Logainmneacha i dteagmháil go díreach leis an bhforbróir chun a thuilleadh eolais a lorg nó chun teacht ar chomhaontú maidir le hainm.
- Rachaidh an Coiste Logainmneacha i gcomhairle le An Post maidir le haon ainm atá le faomhadh chun a chinntiú nach bhfuil aon dúbláil ó thaobh an phoist de agus cuirfidh An Post an seoladh poist cruinn don bhforbairt ar fáil, agus cuirfidh an tÚdarás Pleanála an seoladh seo in iúl don bhforbróir. Seo an seoladh poist a chaithfí a úsáid do pé fhorbairt atá i gceist.
- Cuirfidh an Coiste Logainmneacha aon chead/diúltú d'ainmneacha in iúl don Rannóg Pleanála i scríbhinn, agus cuirfidh an Rannóg Pleanála an forbróir ar an eolas ansan.

Treoirlínte Ginearálta:

- Is ceart ainmneacha atá le faomhadh a sheoladh isteach chuig an Údarás Pleanála **go luath** sa phróiseas pleanála, chun a dhóthain ama a thabhairt chun machnamh a dhéanamh agus chun a chinntiú nach bhfuil aon mhoill nach gá leis níos faide anonn sa phróiseas.
- Níor cheart don bhforbróir aon ainm a úsáid i gcomhair chuspóirí margaíochta, billeála, poist nó aon chuspóir eile i gcás ar bith, is cuma cad a tharlóidh, go dtí go mbeidh cead, nó a mhalairt, foirmeálta faighte i scríbhinn ón Údarás Pleanála.
- Moltar an Ghaeilge agus ainmneacha tírdhreacha de bhunús Gaelach a úsáid, agus is féidir leis an gCoiste Logainmneacha comhairle agus treoir a thabhairt maidir leis seo.
- Ní cheadaítear ainmneacha pearsanta a úsáid mar ainm d'fhorbairt tithíochta.
- Ní cheadaítear an focal 'Greenway' a úsáid mar ainm ar fhorbairt tithíochta.
- Ní cheadaítear ainm bhaile fearainn mar ainm ar fhorbairt tithíochta, chun aon mhearbhall maidir le seoltaí poist a sheachaint.

Oibríonn **Coiste Logainmneacha Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge** le forbróirí príobháideacha agus le Rannóga Pleanála agus Tithíochta Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge chun ainmneacha oiriúnacha a mholadh agus a fhaomhadh d'fhorbairtí tithíochta príobháideacha agus d'fhorbairtí de chuid an údaráis áitiúil. Oibríonn an Coiste chomh maith chun a chinntiú go bhfuil Logainmneacha Gaeilge agus Béarla litrithe go cruinn ar chomharthaíocht bhóithre agus eile. Forbraíonn an Coiste tionscadail eile, chomh maith maidir le cur chun cinn logainmneacha i gCathair agus i gContae Phort Láirge.

Sonraí teagmhála:
Coiste Logainmneacha Chathair & Chontae Phort Láirge
f/ch Máire Seosaimhín Breathnach, Oifigeach Gaeilge
Oifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge Teil: 0761 10 2884 msbreathnach@waterfordcouncil.ie